

# MICILÍN MONCAÍ: Foghlaí Mara




le Hayes Roberts

Gabriel Rosenstock a d'aistrigh



Lá amháin, chuaigh Micilín agus a mham ag siopadóireacht.






Ansin bhí béile acu i mbialann. Stuif glas a d’ith siad.




Arsa máthair Mhicilín ansin:

“Ó sea, beidh orainn dul go dtí an dochtúir i gcomhair scrúdú sláinte.”




Scrúdaigh an dochtúir gach rud: croí Mhicilín,

an brú fola, na glúine agus mar sin de.



“Tar ar ais amárach,” arsa an dochtúir, “agus tabharfaidh mé instealladh duit.

Bíonn scorbach is galair eile den sórt sin ar fhoghlaithe mara.”




“Instealladh? Scorbach? Ó!” arsa Micilín.




An tráthnóna sin, tháinig a Dhaid abhaile.


“Caithfidh mé instealladh a fháil amárach!” arsa Micilín lena athair.



Arsa athair Mhicilín leis: ‘Níl nóiméad le spáráil, a mhac bán! Léim ar bord loinge, beir leat an mapa seo agus gheobhaidh tú rud éigin ón bportán a chabhróidh leat. Bí ar ais in am agus gheobhaidh tú uachtar reoite!”



Chan Micilín: “Trasna na dtonnta, dul siar, dul siar . . .”



Dhreap sé bolcáin a bhí ag cur thar maoil le laibhe,




agus chonaic sé nithe nach bhfuil léamh, scríobh ná insint béil orthu,




go dtí gur shroich sé Caisleán an Oighir.




Bhí portán roimhe agus saghas draoi ab ea é (deirtear).




Is mar seo a labhair sé: ‘A Mhicilín, tá aistear fada curtha díot agat. Maith thú! Saghas draoi atá ionamsa (deirtear). Tabharfaidh mé carraig anois duit. Nuair a thabharfaidh an dochtúir instealladh duit, fáisc an charraig agus comhair go dtí a trí. Beidh an t-instealladh thart sula mbraithfidh tú é agus beidh an-fhonn ort ansin uachtar reoite a ithe.”




Ghabh Micilín míle buíochas leis agus sheol abhaile. Codladh na hoíche a bhí uaidh.



An mhaidin dár gcionn, thug sé an charraig leis go dtí an íoclann.





Bhí Suantraí Hiúdaí á chanadh ag an dochtúir.



Dhún Micilín a shúile, d’fháisc an charraig,

agus chomhair go dtí a trí.






3!

Bhí an ceart ag an bportán! Níor bhraith sé in aon chor é.

“Céad slán le scorbach is le rudaí eile a bhíonn ar fhoghlaithe mara!” ar seisean.



Stop sé ar an mbealach abhaile chun uachtar reoite a bheith aige. Neam-neam!

A Chríoch.

bluebison.net